

## Tá Tábhacht Leatsa!

D'oibríomar amach gurb é an Meán agus an Diall Caighdeánach i gcás airde 30 dalta de 14 bliana d'aois:

Meán 166.33  
Diall Caighdeánach 12.26

164	150	170	163	180	167
170	178	170	165	160	165
165	140	165	165	200	140
145	179	170	168	182	168
168	175	175	165	161	158

Ba mhaith leat anois tú féin a chuimsiú sna figiúirí sin. An féidir leat an Meán agus an Diall Caighdeánach a oibriú amach i gcás na 31 airde gan tosú as an nua? Mínigh go soiléir an tslí len é a dhéanamh.

Dá ríomhfá Meán agus Diall Caighdeánach airde na ndaltaí céanna seo i gceann deich mbliana, cén t-athrú a bheadh tagtha orthu? Mínigh do fhreagraí.

Seo thíos Histogram de na 30 airde thuas. Tarraing arís é, agus d'airde féin áirithe ann. An athraíonn na meáin?

